Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7366/26**

**AGRI 188**
**AGRIFIN 61**
**AGRISTR 21**
**AGRIORG 46**
**ENV 244**
**POLCOM 101**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Fís le haghaidh na talmhaíochta agus an bhia: bliain amháin de chur chun feidhme<br>– Faisnéis ón gCoimisiún<br>– Seisiún tuairimíochta |

I mí Feabhra 2025, chuir an Coimisiún Eorpach i láthair a Fhís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia[1] (an Fhís) ina leagtar amach treo straitéiseach an Aontais i dtreo earnáil agraibhia tharraingteach, iomaíoch, athléimneach agus inbhuanaithe do 2040 agus ina dhiaidh sin.

Tá an Fhís bunaithe ar cheithre thosaíocht idirnasctha:

(1) Earnáil agraibhia tharraingteach a fhorbairt lena mbainfidh luach saothair cothrom agus deiseanna nua ioncaim,

(2) Iomaíochas agus athléimneacht i gcoinne dúshláin dhomhanda a fheabhsú,

[1] 6385/25

(3) Earnáil a sheasfaidh an aimsir a chruthú, atá ailínithe le spriocanna comhshaoil agus aeráide, agus

(4) Luach a chur ar bhia agus ceantair thuaithe a athbheochan – iad uile cumasaithe trí shimpliú, nuálaíocht, taighde, eolas agus scileanna.

Faoi Uachtaránacht na Polainne, bhí sraith plé ag an gComhairle 'Talmhaíocht agus Iascach' maidir leis an bhFís. Ba dhíol sásaimh do na hairí, i gcoitinne, an bhéim láidir a leagtar san Fhís ar shlándáil bia trí tháirgeadh talmhaíochta a chur i gcroílár chur chuige straitéiseach an Aontais agus leag siad béim ar a thábhachtaí atá an t-idirphlé le feirmeoirí[2].

Bliain amháin ó cuireadh i bhfeidhm é, seoladh roinnt tionscnamh chun an Fhís a chur chun feidhme. Chuir an Coimisinéir um an Talmhaíocht agus Bia, Christophe Hansen, litir chuig Airí Talmhaíochta an Aontais an 19 Feabhra 2026[3], inar leagadh amach na gníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún sa chéad bhliain tar éis fhoilsiú na Físe, agus ar réimsí ina bhfuil sé beartaithe tuilleadh oibre a dhéanamh.

Mar chuid den chéad tosaíocht, ***'Earnáil tharraingteach a fhorbairt lena mbainfidh luach saothair cóir agus deiseanna nua ioncaim'***, dírítear ar staid eacnamaíoch na bhfeirmeoirí a neartú agus ar inmharthanacht fhadtéarmach na hearnála a áirithiú. Rinneadh gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar Chleachtais Éagóracha Trádála, eadhon trí rialacha nua maidir le forfheidhmiú trasteorann[4] agus trí mheastóireacht a dhéanamh ar an Treoir maidir le Cleachtais Éagóracha Trádála[5]. Ina theannta sin, bhí sé d'aidhm ag an leasú spriocdhírithe ar Chomheagrú na Margaí (CEM) feabhas a chur ar sheasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia[6]. Athdhearbhaíodh freisin a thábhachtaí atá tacaíocht chobhsaí ioncaim faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CBT). Tá sruthanna ioncaim breise d'fheirmeoirí á bhfiosrú, go háirithe tríd an mbithgheilleagar mar a léirítear sa Straitéis Bhithgheilleagair nuashonraithe[7], agus trí sheirbhísí comhshaoil ar nós creidmheasanna dúlra, ar cuireadh treochlár i láthair ina leith.

---

2 9127/1/25 REV 1
3 7277/26
4 PE-CONS 57/25
5 16217/25
6 7362/26
7 16071/25

Rinneadh bearta maidir le hathnuachan ó ghlúin go glúin, lena n-áirítear cur i láthair na Straitéise maidir le hAthnuachan ó Ghlúin go Glúin[8] agus seoladh an Ardáin maidir le Mná san Fheirmeoireacht, arb é is aidhm dó tacú le tarraingteacht na talmhaíochta agus le todhchaí na hearnála san Aontas.

Sa dara tosaíocht, **'*Iomaíochas agus athléimneacht a fheabhsú* in aghaidh dúshláin dhomhanda'**, áiríodh gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh acmhainneacht earnáil agraibhia an Aontais a neartú chun freagairt ar theannas geopholaitiúil, ar rioscaí aeráide agus ar luaineacht sa mhargadh. Sa chomhthéacs sin, tugadh isteach bearta simpliúcháin, lena n-áirítear Pacáiste Simplithe CBT[9] agus na tograí leanúnacha maidir leis an omnibus comhshaoil, simplithe ar rialáil orgánach[10] agus an omnibus um Shábháilteacht Bia agus Beatha[11].

Ina theannta sin, moladh bearta ullmhachta margaidh agus géarchéime, trí thionscnaimh earnála lena n-áirítear reachtaíocht an phacáiste fíona a ghlacadh agus Líontán Sábhála Aontachta a thabhairt isteach agus méid solúbthachta sna Pleananna Comhpháirtíochta Réigiúnaí Náisiúnta atá beartaithe don chéad chlárthréimhse eile. Tugadh aghaidh ar bhainistiú riosca freisin trí ionstraimí a mholtar faoi CBT a bheidh ann amach anseo, agus feabhsaíodh ról an tSásra Eorpaigh um Ullmhacht agus um Fhreagairt i leith Géarchéimeanna Slándála Bia (EFSCM).

---

**8** 14410/25

**9** Rialachán (AE) 2025/2649 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann leis an gcóras coinníollachta, cineálacha idirghabhála i bhfoirm íocaíochta dírí, cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe agus tuarascálacha forbartha tuaithe agus tuarascálacha feidhmíochta bliantúla agus Rialachán (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le híocaíochtaí a chur ar fionraí agus imréiteach feidhmíochta bliantúil agus rialuithe agus pionóis.

**10** 16969/25

**11** ST 17054/25, ST17055, ST17056 REV 1 + ADD 1 REV 1

Díríodh an obair freisin ar an ngné sheachtrach den bheartas talmhaíochta agus den ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, lena n-áirítear, i measc nithe eile, iarrachtaí caidreamh trádála an Aontais a neartú, cómhalartacht le tríú tíortha a threisiú agus dálaí córa trádála a áirithiú d'fheirmeoirí an Aontais. Is é is aidhm do sheoladh Tascfhórsa thiomnaithe de chuid an Aontais maidir le rialuithe allmhairiúcháin[12] rialuithe allmhairiúcháin a dhéanamh níos éifeachtúla.

Is é atá i gceist leis an tríú tosaíocht, **'*Earnáil agraibhia a sheasfaidh an aimsir agus atá* ailínithe le spriocanna comhshaoil agus aeráide a chruthú'**, bearta arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar na hionchais a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear an Straitéis maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce[13], agus gníomhaíochtaí tosaigh a bhaineann le Deimhniú Feirmeoireachta Carbóin a chur chun feidhme.

Sa cheathrú tosaíocht, ***'Luach a chur ar bhia agus ceantair thuaithe a athbheochan'***, díríodh ar ghníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh an Comhshocrú um an Tuath a neartú, an Plean Gníomhaíochta um an Tuath a thabhairt cothrom le dáta, agus Idirphléití Bia a sheoladh chun páirtithe leasmhara ar fud an chórais agraibhia a rannpháirtiú.

**Tá roinnt tionscnamh fós á n-ullmhú nó tá sé beartaithe** iad a sheoladh in 2026 agus ina dhiaidh sin. Áirítear orthu sin Faireachlann Eorpach um Thalamh Feirme a bhunú, atá ag céim phíolótach faoi láthair, agus athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le cleachtais éagóracha trádála atá beartaithe do 2026. Táthar ag súil freisin go ndéanfar tuilleadh oibre ar an iomaíochas, lena n-áirítear Straitéis Beostoic, plean maidir le soláthar próitéine agus Plean Gníomhaíochta Leasacháin a ullmhú. Leanfar den obair freisin ar fhorbairt an Chompáis Inbhuanaitheachta ar an bhFeirm, agus meastar go dtacóidh tuilleadh tionscnamh le hioncam feirmeoirí, go gcuirfidh siad tásca geografacha chun cinn agus go neartóidh siad taighde, nuálaíocht agus digitiú sa talmhaíocht. Sa chomhthéacs sin, tá cur chuige straitéiseach nua maidir le Taighde agus Nuálaíocht agus Straitéis Dhigiteach fhéideartha an Aontais don Talmhaíocht ar na bacáin freisin.

---

**12** Féach an phreaseisiúint IP_26_207_EN.pdf, a cuireadh in iúl tar éis plé neamhfhoirmiúil ag lón na nAirí bunaithe ar nóta cúlra comhpháirteach a d'ullmhaigh Uachtaránacht na Cipire agus an Coimisiún ar imeall chruinniú na Comhairle ('Talmhaíocht agus Iascach') an 26 Eanáir 2026.

**13** 9932/25

**Ag féachaint chun cinn, is dócha go mbeidh dúshláin shuntasacha fós roimh earnáil agraibhia an Aontais**, lena n-áirítear costais táirgthe atá ag dul i méid, suaitheadh sa slabhra soláthair, suaití geopholaitiúla agus géarchéimeanna arb é an t-athrú aeráide is cúis leo. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le tuilleadh iarrachtaí chun athléimneacht agus iomaíochas na hearnála a neartú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí lena bhfeabhsaítear éagsúlú slabhraí soláthair, lena bhfeabhsaítear uirlisí bainistithe riosca agus lena gcuirtear forbairt sásraí ar nós EFSCM chun cinn a thuilleadh. D'fhéadfadh sé gur ghá aird níos mó a thabhairt freisin ar oiriúnú don athrú aeráide, ar athléimneacht uisce, ar bhainistiú inbhuanaithe cothaitheach agus ar fhorbairt an bhithgheilleagair agus na réiteach fuinnimh ar an bhfeirm. I bhfianaise an chomhthéacs sin atá ag teacht chun cinn, d'fhéadfadh sé gur ghá cur chun feidhme na Físe a threisiú agus a thabhairt cothrom le dáta a thuilleadh chun a áirithiú go leanfaidh córas agraibhia an Aontais de bheith cobhsaí, iomaíoch agus athléimneach. D'fhéadfadh coinbhleachtaí a bhí ann le déanaí sa Mheánoirthear tionchar a imirt ar fheidhmíocht na hearnála trí shuaitheadh sa slabhra soláthair domhanda agus luaineacht sa mhargadh fuinnimh.

Agus aird á tabhairt ar na gníomhaíochtaí a rinneadh, na tionscnaimh atá beartaithe agus na tionscnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, agus ceithre thosaíocht idirnasctha na Físe á gcur san áireamh, iarrann Uachtaránacht na Cipire ar na hairí tuairimí a mhalartú maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a dhéanann na hAirí measúnú ar an dul chun cinn a rinneadh le linn na chéad bhliana de chur chun feidhme na Físe ar fud a ceithre thosaíocht?

2. Ag féachaint chun cinn, agus i bhfianaise forbairtí geopholaitiúla agus forbairtí eile a tharla le déanaí, cén dearcadh atá ag na hAirí ar na tionscnaimh atá beartaithe agus atá ar siúl faoin bhFís agus an bhfuil réimsí ann ina bhféadfadh gá a bheith le tuilleadh gníomhaíochta?

---